**An cheist a tharchuirtear**

De réir Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ([2]), an ann do *lis pendens* in áit eile leis an ábhar céanna i gcás ina bhfuil imeachtaí maidir le cothabháil linbh ar siúl sa Bheilg idir athair agus máthair an linbh, agus go bhfuil imeachtaí maidir le cothabháil linbh tugtha ag an leanbh ag céim níos déanaí, leanbh atá tagtha i lán-aois ó shin, i gcoinne máthair an linbh sa Ghearmáin?

([1]) Tugtar ainm bréige sa chás seo, nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna príomhimeachtaí.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála (IO 2009 L 7, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 28 Meitheamh 2023 – Association Mousse v Commission nationale de l'informatique et des libertés (CNIL) agus SNCF Connect**

**(Cás C-394/23, Mousse)**

(2023/C 329/14)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Association Mousse

*Cosantóirí:* Commission nationale de l'informatique et des libertés (CNIL), SNCF Connect

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht, ábharthacht agus riachtanas bhailiú sonraí de réir bhrí fhorálacha Airteagal 5(1)(c) de RGCS ([1]) agus ar an ngá atá lena bpróiseáil de réir bhrí Airteagal 6(1)(b) agus (f) de RGCS, an féidir cleachtais a bhfuil glacadh coitianta leo i gcumarsáidí sibhialta, tráchtála agus riaracháin a chur san áireamh, ionas go bhféadfaí a mheas go bhfuil gá le bailiú sonraí a bhaineann le teidil custaiméirí, atá teoranta do na focail 'an tUasal' nó 'Bean Uí', gan cosc a bheith air sin de bharr phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí?

2) Chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bailiú agus próiseáil éigeantach sonraí a bhaineann le teidil custaiméirí, cé go measann roinnt custaiméirí nach mbaineann ceachtar den dá theideal leo agus nach bhfuil bailiú na sonraí sin ábhartha dóibh, an gá a chur san áireamh go bhféadfadh siad, tar éis dóibh na sonraí sin a sholáthar don rialaitheoir sonraí chun tairbhe a bhaint as an tseirbhís a thairgtear, a gceart a fheidhmiú chun agóid a dhéanamh i gcoinne a n-úsáide agus a stórála trína staid leithleach a agairt, de bhun Airteagal 21 de RGCS?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad (an Bhulgáir), a taisceadh an 29 Meitheamh 2023 – Imeachtaí coiriúla i gcoinne VB**

**(Cás C-400/23, VB II)**

(2023/C 329/15)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sofiyski gradski sad